

Ábhar

Téacs Léitheoireachta

Forbairt Bhreise:

Mic léinn i Santa Cruz Chalifornia

An Dr. John Walsh ag cur síos ar na difríochtaí idir mic léinn i Meiriceá agus mic léinn in Éirinn.

As an mblag:

santacruznagreine.wordpress.com

Le caoinchead ón údar.

Sliocht as an leabhar *Second Language Teaching and Learning* le David Nunan (Cengage Learning: 1999).

Le caoinchead ó:

www.cengage.com/permissions

©1999 Heinle/ELT, cuid de *Cengage Learning, Inc.*

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfai a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhoinn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



**An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Triú Leibhéal**

Mic Léinn Santa Cruz

Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt ina ndéantar comparáid idir an cur chuige foghlama atá ag grúpa mac léinn atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge i gCalifornia agus an cur chuige foghlama atá ag mic léinn Éireannacha. Sula léifidh tú an t-alt déan an réamhobair thíos.

Tascanna

- Déan do mhachnamh ar cad iad na comparáidí a d'fhéadfadh a bheith á ndéanamh san alt. Cuir féin agus do pháirtí liosta le chéile.
- An bhfuil a leithéid de rud ann agus ‘gnáthmhac léinn Éireannach’? An bhfuil próifil de mhac léinn tipiciúil ann? Scríobhaigí cur síos.

Léamh

- Agus tú ag léamh an ailt cuir líne faoi gach focal nó frása nach bhfuil tú cinnte faoi. Ansin féach cad iad na cinn is féidir leat a thomhas ón gcomhthéacs agus na cinn a gcaithfidh tú dul i muinín foclóra chun an míniú a fháil. Cad é an áit is fearr chun an míniú a lorg – www.focal.ie nó Foclóir Uí Dhónaill? Cén fáth?
- Aimsigh cúpla leid teanga san alt a thugann canúint an údair le fios duit.
- Marcáil na slite ar fad atá sa chéad alt chun dúil na mac léinn Meiriceánach sa ggramadach a chur in iúl.

Feasacht Teanga

1. ‘scata Meiriceánach’

Cén ghné den ggramadach atá i gceist sa fhrása thuas? Tabhair míniú agus ansin cuir Gaeilge ar:

- a group of students
- many men
- a group of women
- a group of Irish people
- many professors
- a group of French people

2. ‘...bhí na tuisil eile go léir uathu...’
Cad iad na tuisil atá ann sa Ghaeilge? Déan liosta.
3. ‘...an riail a ghabhann leis an réamhfocal ‘i’...’
Cad í an riail? Scríobh míniú agus léirigh le samplaí.
4. ‘...an difear idir ‘tá’ agus ‘is’...’
Cad é an difear seo? Conas a léireofá d’fhoghlaimeoir é? Mura mbeifeá cinnte faoi, cén acmhainn a mbainfeá úsáid aisti chun soiléiriú a lorg?
5. ‘...an ‘r’ caol...’
Cén rud é an ‘r’ caol? Léirigh le samplaí conas é a fhuaimniú.
6. Cén tuiscint atá agat ar na nithe seo a leanas a dtráchtann an scríbhneoir orthu?

an aibítir fhóineolaíoch
canúintí na Mumhan
comhréir na Gaeilge
fóineolaíocht

7. ‘...taibhsíodh dom gur laghdaíodh an bhearna...’

Cén chuid den bhriathar atá i gceist sa dá shampla thus? Pléigh agus cuir Gaeilge ar na frásáí seo:

It seems to me
It is being asserted in this essay
The poem was written in the last century
Not much was said about it at the time
It seemed to the poet that he was alone
It was argued that that was not the case

8. Déan iarracht na frásáí / focail seo as an alt a chur in abairtí a léireodh a mbrí agus a gceartúsáid.

aduain
go paiteanta
bráca
leathadh as a súile
oiread na fríde
meáite
stangadh
ní leasc
taibhsíodh dom
an crú ar an tairne

9. ‘...go bhfreastalaídís ar na léachtaí i gcónaí agus go nglacaidís...’

Cén Béarla a chuirfeá ar an abairt thus? Cén aimsir atá i gceist sna briathra? Pléigh agus ansin cuir Gaeilge ar na habairtí thíos.

I used to think it was a funny programme.
I used to watch TV every day.
I used to be a member of that club.
She used to correct me more often.
We used to do it differently last year.
The lecturers used to give more assignments last year.
I always did it like that.
The poet used to go to Kerry often.
She used to come to Dublin more often.
We used to buy our lunch there but it was shut down.

Iarobair

Plé

- ‘...Tá na mic léinn Éireannacha a bhfuil dúil a gcroí sa ghrámadach acu chomh tearc le fiolar an eireabaill bháin...’ Cén dearcadh atá agat ar an ráiteas seo?
- Labhraíonn an scríbhneoir faoi ‘marbhfháisc an chiúnais sa rang’ agus luann sé gur ‘deacair mic léinn na hÉireann a chur ag caint in aon rang’. Cad a déarfá leis seo mar chur síos ar na seomraí ranga i gcoláistí Éireannacha?
- Seo na nithe a luann an scríbhneoir le mic léinn Mheiriceánacha. Cé mhéad díobh a bheadh fior faoin ngnáthmhac léinn Éireannach? Fút féin?
 - thar a bheith díograiseach
 - obair bhaile déanta i gcónaí
 - d’fhreastalaídís ar na léachtaí i gcónaí
 - ghlacaidís páirt ghníomhach sa phlé
 - tuairimí meáite, ciallmhara ar bharr a ngob i gcónaí acu
 - rannpháirtíocht ghníomhach
- Anois féach ar an liosta thus arís agus pléigh an tábhacht a bhaineann le gach pointe.
- Cén cineál mac léinn tusa – duine a dtagann ‘trioblóidí an tsaoil sa tslí ar an staidéar’ ort nó duine a ‘meallann iontais an tsaoil ó na leabhair’ thú?

- ‘...agóidí i gcoinne táillí breise agus laethanta saoire poiblí...’ An ndéantar a leithéid i do choláistese? An mbíonn mic léinn gníomhach go leor i bhfeachtas ar son a gceart, dar leat?

Tascanna

- ‘...bhí mic léinn áirithe níos díograisiúil ná a chéile...’ Cén rud é mac léinn díograiseach? An bhfuil próifil den mhac léinn díograiseach ann? Scríobh cur síos.
- Cén rud é ‘foghlaimeoir maith teanga’? Pléigh agus déan liosta tréithe.
- Léigh an cur síos thíos ó shaineolaí ar fhoghlaím teangacha faoi céard is dea-fhoghlaimeoir teanga ann agus pléigh na ceisteanna atá bunaithe ar an téacs.

‘...A few years ago I investigated 44 good language learners in order to find out whether there were any common patterns in their experiences. The learners had all learned English as a foreign language in a variety of Southeast Asian countries including Hong Kong, Thailand, Indonesia, the Philippines, Malaysia, and Singapore. They were all good learners in that they had all attained bilingual competence in the language, and all were teachers of English as a foreign language...during the investigation, subjects were asked to record what they found most helpful, and what they found least helpful in learning English as a foreign language. Despite the different contexts and environments in which the learners learned, the responses were surprisingly homogeneous...the most striking thing about this study was the fact that, despite the diverse contexts and environments in which the learners learned English, practically all agreed that formal classroom instruction was insufficient. Motivation, a preparedness to take risks, and the determination to apply their developing language skills outside the classroom characterized most of the responses from these good language learners.. In a follow-up study, a group of advanced second language learners were asked to nominate the things that helped them most and least in learning English...despite the range of responses, there was a large measure of agreement about what helped and what did not help these subjects master a second language. Conversation practice inside and outside the classroom and opportunities for activating English outside class were by far the most frequently nominated things that facilitated development. Least helpful were grammar drills, these being nominated over twice as often as the next item, lack of opportunity to activate language use outside class...

(NUNAN. *Second Language Teaching & Learning*, 1E. © 1999 Heinle/ELT, cuid de Cengage Learning, Inc.).

Plé

- ‘...practically all agreed that formal classroom instruction was insufficient...’ Cén tábhacht a fheiceann tusa le húsáid na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga?
- ‘...Motivation, a preparedness to take risks, and the determination to apply their developing language skills outside the classroom characterized most of the responses from these good language learners...’ Cé acu de na tréithe seo a bhaineann leatsa mar fhoghlaimeoir?

Féach ar na nithe a chabhraigh leis na foghlaimeoirí i dtaighde Nunan, dar leo féin:

- Comhrá le cainteoirí Béarla / comhrá i ngrúpaí
- Ag fáil deiseanna cleachtaidh taobh amuigh den seomra ranga
- Teacht ar na meáin: raidió, teilifís, nuachtáin
- Ranganna foirmiúla / ag foghlaim le múinteoir
- Inspreagadh
- Léitheoireacht
- Rialacha gramadaí / druileanna
- Éisteacht
- Foghraíocht / fuaimniú
- Stór focal

Cad a déarfá leis an liosta thuas? An dtógfá uaidh nó an gcuirfeá leis?
Cuir na nithe sa liosta in ord tábhachta duitse mar fhoghlaimeoir.
Conas a chruthaíonn tusa deiseanna an Ghaeilge a chleachtadh lasmuigh den seomra ranga?

Téacs

Is minic a fiafraíodh díom le cúpla mí anuas cén difear atá idir mic léinn na hÉireann agus mic léinn Mheiriceá. Ar an gcéad amharc, ba chinnte go raibh difear mór idir an dá chósta thiar, Gaillimh agus California. Iarradh orm an Ghaeilge a mhúineadh do scata Meiriceánach nach raibh taithí dá laghad acu ar an teanga agus go raibh a bhformhór mór ina mic léinn teangeolaíochta. Deirimse leat nach ionann in aon chor suim an ghnáthmhic léinn Ghaeilge agus an ghnáthmhic léinn teangeolaíochta! Má leagann tú an iomarca béime ar an ngramadach ag baile, is baolach go gcuirfidh tú daoine ó dhoras. Tá na mic léinn Éireannacha a bhfuil dúil a gcroí sa ggramadach acu chomh tearc le fiolar an eireabaill bháin. Ach bhí mo rang Californiach as a meabhair glan chun na gramadaí. Ní shásódh an Tuiseal Ainmneach iad nuair a d'fhoghlaímíodar conas leithéidí 'a Bhriain', 'a Shíle' a rá: bhí na tuisil eile go léir uathu ar an bpointe boise. Níor leor go míneoinn an rial a ghabhann leis an réamhfhocail 'i' dóibh toisc gur theastaigh na réamhfhocail eile uathu chomh maith. Baineadh an anáil díobh nuair a chonaiceadar go n-athraíonn 'tá' go 'níl' nó 'an bhfuil' agus thit tost sollúnta ómóisach ar an seomra ranga nuair a bhí crá croí an mhic léinn Éireannaigh á phlé agam, an difear idir 'tá' agus 'is'.

Ba bhreá lena gcroíthe foghair aduaine na Gaeilge, an 'r' caol agus an 'ch' caol go háirithe, agus go deimhin ní raibh oiread agus duine sa rang nár éirigh leis nó léi na fuaiméanna sin a thabhairt leo go paiteanta. Theastaigh an aibítir fhóineolaíoch uathu chun go scriobhfaidís síos na fuaiméanna go cruinn. Ar chúis éigin nach dtuigim, bhí bráca agus trioblóid ag go leor acu na huimhreacha 'naoi' agus 'náid' a idirdhealú óna chéile agus bhí bean amháin sa rang a raibh an ghráin dhearg aici ar na huimhreacha céanna dá bharr! Cé go raibh tú áite á thabhairt agam do chanúintí na Mumhan, bhí an-suim acu sna leaganacha eile agus thit bean amháin dúnta i ngrá le 'goidé mar atá tú' agus 'iontach maith'. Cé gur scanraigh an litriú ar dtús iad, bhain focail dála 'an bhfuil' agus 'as an bhFrainc' leathadh as a súile agus is iad a bhí sásta leis an dúshlán. Agus caithfear a rá gur chuir comhréir na Gaeilge iontas orthu chomh maith: ba dheacair do dhuine nó beirt díobh glacadh leis go dtagann an briathar roimh an ainmní agus bhí an-spórt againn le habairtí dála 'Tomás tá go maith' ag tú an tseimeastair.

Anois a thuigim gur cheart a bheith ag súil le dúil sa ggramadach, san fhoghraíocht agus sa chomhréir ó mhic léinn teangeolaíochta. Bhí cur amach ar mhórán teangacha eile ag go leor acu: bhí staidéar déanta ag fear amháin ar an Rúisis, bhí Spáinnis líofa ag roinnt díobh agus bhí beirt bhan ag foghlaim Sínise. Chomh maith leis sin, bhí cúrsai ar theoríci na comhréire agus na fóineolaíochta á ndéanamh acu go léir dá gcéim sa teangeolaíocht, ina raibh samplaí de theangacha na cruinne á gcur trí chéile agus á scrúdú acu. D'fhoghlaímíos féin cúpla ceacht uathusan chomh maith; mar shampla, cuireann an Araibis an briathar chun tosaigh san abairt, dála na Gaeilge. Anuas air sin, fuaireas amach nach ionann in aon chor an Ghaeilge a mhúineadh do dhaoine a bhfuil sí go han-mhaith ag go leor díobh cheana, agus tabhairt faoi rang glantosaitheoirí. Ainmhí eile ar fad is ea an glantosaitheoir: caithfear glacadh leis nach bhfuil oiread na fríde den

sprioctheanga ar a dtoil acu agus bíonn sé an-dúshlánach ar fad ceachtanna agus scrúduithe a cheapadh dá bharr san.

Maidir le hatmaisféar an ranga féin, i dtús ama, chonacthas dom go raibh na Meiriceánaigh thar a bheith díograiseach, go mbíodh a gcuid obair bhaile déanta acu i gcónaí, go bhfreastalaídís ar na léachtaí i gcónaí agus go nglacaidís páirt ghníomhach sa phlé, tuairimí meáite ciallmhara ar bharr a ngob i gcónaí acu. Agus tharla na nithe sin ar fad, go háirithe an rannpháirtíocht ghníomhach. Is deacair mic léinn na hÉireann a chur ag caint in aon rang agus bhíos an-bhuíoch ar fad den athrú áirithe sin. Go deimhin, déarfainn gurb é sin an difear cultúrtha is mó idir an seomra ranga thall agus an seomra ranga abhus agus bhain sé stangadh asam. Ní leasc leis an mac léinn Meiriceánach labhairt amach, cé nach gá go ndéanfar ráiteas tomhaiste i gcónaí. Ba chuma liom san toisc gurbh fhearr liom i gcónaí an chaint agus an chadráil ná marbhfháisc an chiúnais sa rang.

Ach de réir mar a dhruid an seimeastar ar aghaidh, taibhsíodh dom gur laghdaíodh an bhearna de réir a chéile idir mic léinn na hÉireann agus Mheiriceá. Nuair a bhí an crú ar an tairne, spriocdháta ag bagairt orthu nó aiste le tabhairt isteach, théadh cúpla mac léinn amú nó ní leagfaí isteach an obair in am. Bhuail fliú na muc cúpla duine díobh agus chailleamar rang nó dhó de bharr agoidí i gcoinne táillí breise agus laethanta saoire poiblí. Agus mar a tharlaíonn sa bhaile, bhí mic léinn áirithe níos díograisí ná a chéile. Sin mar a bhíonn, is dócha: is cuma más in ollscoil phoiblí iniarthar na hÉireann nó in ollscoil phoiblí i gCalifornia atá tú ag déanamh staideir, tiocfaidh trioblóidí an tsaoil sa tslí ar an staidéar uaireanta, nó meallfaidh iontais an tsaoil ó na leabhair thú. Ach tar éis an tsaoil, tá roinnt mac léinn i measc na gcrónghiúiseannaanois a bhfuil ar a gcumas na bunbheannachtaí Gaeilge a úsáid, iad féin a chur in aithne agus labhairt faoina gceantar féin. Ní beag san, is dócha.

As an mblog: santacruznagreine.wordpress.com
Le caoinchead ón údar.